GA 2022

06

Tuarascáil speisialta

# Cearta maoine intleachtúla AE

## Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Ábhar


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | **I-X** |
| **Réamhrá** | **01-12** |
| Cad iad cearta maoine intleachtúla? | 01-03 |
| Creat rialála an Aontais um chearta maoine intleachtúla | 04 |
| Nós imeachta clárúcháin an Aontais um chearta maoine intleachtúla | 05-06 |
| Forfheidhmiú an Aontais um chearta maoine intleachtúla | 07-08 |
| Príomhpháirtithe leasmhara a chosnaíonn cearta maoine intleachtúla san Aontas | 09-12 |
| **Raon feidhme an hiniúchóireachta agus a cur chuige** | **13-16** |
| **Breathnuithe** | **17-93** |
| Tá saincheisteanna ann sna creataí rialála fónta foriomlána um chearta maoine intleachtúla | 17-47 |
| Tá creat trádmhairc an Aontais i bhfeidhm ach níl an Treoir trasuite go hiomlán | 17-25 |
| Tá creat dearaí an Aontais as dáta agus neamhiomlán | 26-35 |
| Ní léiríonn struchtúr táillí um chearta maoine intleachtúla na fíorchostais | 36-45 |
| Tá creat do thásca geografacha an Aontais teoranta do tháirgí talmhaíochta | 46-47 |
| Tá creataí um chearta maoine intleachtúla á gcur chun feidhme go maith cé gur féidir roinnt easnaimh a thabhairt faoi deara | 48-70 |
| Den chuid is mó cuireann an EUIPO na creataí do thrádmharcanna agus do dhearaí an Aontais chun feidhme i gceart in ainneoin roinnt lochtanna | 48-53 |
| Tá laigí sna critéir maidir le cuid den tacaíocht airgeadais do Bhallstáit | 54-59 |
| Easnaimh sa phróiseas clárúcháin do tháirgí talmhaíochta | 60-70 |

Níl an forfheidhmiú um chearta maoine intleachtúla barrmhaith 71-93

Ní chuirtear an Treoir um Fhorfheidhmiú CMI i bhfeidhm go haonfhoirmeach 72-74

Tá easpa eilimintí lárnacha sa chreat le haghaidh forfheidhmiú custaim um chearta maoine intleachtúla 75-90

Tá easnaimh i rialuithe custaim na mBallstát 91-93

Conclúidí agus moltaí 94-101

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Bunchlocha CMI

Iarscríbhinn II – Reachtaíocht náisiúnta a dhéanann an Treoir maidir le Trádmharcanna a thrasuí

Iarscríbhinn III – Trádmharcanna: Teorainneacha ama riaracháin na mBallstát

Iarscríbhinn IV – Reachtaíocht náisiúnta a dhéanann an Treoir maidir le dearaí AE a thrasuí

Iarscríbhinn V – Dearaí: Teorainneacha ama riaracháin na mBallstát

Iarscríbhinn VI – Dearaí na mBallstát - Táillí agus struchtúr na dtáillí (an 1 Eanáir 2021)

Iarscríbhinn VII – Na critéir a úsáideann EUIPO chun cnapshuimeanna a ríomh

Iarscríbhinn VIII – Doiciméid Tacaíochta d'Iarratais maidir le Clárú do Thásc Geografach

Iarscríbhinn IX – Tásc Geografach. Próiseas formheasta ar leibhéal an Choimisiúin

Iarscríbhinn X – Iarratais ar Thásca Geografacha, 2017-2020

## Giorrúcháin

## Gluais

## Freagraí ón gCoimisiún

## Freagraí ó EUIPO

## Amlíne

## Foireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá ról ríthábhachtach ag Cearta Maoine Intleachtúla (CMI) i ngeilleagar an Aontais Eorpaigh. Gineann tionscail atá dian ar CMI beagnach 45% d'olltáirgeacht intíre AE, ar fiú 6.6 trilliún euro agus 29% den fhostaíocht é. Oibríonn an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí eile an Aontais le húdaráis na mBallstát chun cosaint CMI a chinntiú, ar príomhghné í i rath an Mhargaidh Aonair.

**II** Tá an Coimisiún Eorpach freagrach as tograí reachtacha a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar na nósanna imeachta maidir le cearta maoine intleachtúla an Aontais a chlárú agus a fhorfheidhmiú. Tá sé freagrach freisin as a chinntiú go gcuirtear na bearta seo chun feidhme i gceart agus as treoir a sholáthar do na Ballstáit. Cláraíonn Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh trádmharcanna agus dearaí AE. Tá údaráis na mBallstát freagrach as iarrataí clárúcháin ar thásca geografacha an Aontais a fhormheas agus as rialuithe forfheidhmithe ar chearta maoine intleachtúla AE.

**III** San iniúchadh seo, rinneadh measúnú ar chosaint trádmharcanna, dearaí agus tásca geografacha an Aontais laistigh den Mhargadh Aonair ó 2017 go 2021. Rinneamar an t-iniúchadh seo toisc nach ndearnamar iniúchadh riamh ar chosaint CMI agus gur cheart go mbeadh mórthionscnaimh an Choimisiúin sa réimse seo críochnaithe faoi 2019. Bíonn tionchar ag droch-chosaint CMI ar iomaíochas AE sa gheilleagar domhanda. Déanaimid moltaí chun feabhas a chur ar an gcreat rialála CMI, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

**IV** D'fhéachamar ar cibé ar chuir nó nár chuir an Coimisiún na bearta reachtacha agus tacaíochta riachtanacha ar fáil chun na cearta maoine intleachtúla thuasluaite a chosaint. Thugamar cuairt ar an gCoimisiún, ar Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus ar chúig Bhallstát chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir siad creat rialála an Aontais chun feidhme maidir le CMI agus cibé ar cuireadh nó nár cuireadh rialuithe forfheidhmithe CMI chun feidhme i gceart.

**V** Is é ár gconclúid fhoriomlán ná go bhfuil creat an Aontais chun cearta maoine intleachtúla a chosaint fónta agus stóinseach go ginearálta, cé go bhfuil easnaimh fós ann.

**VI** Fuaireamar go bhfuil bearta iomchuí reachtaíochta agus tacaíochta bunaithe ag an gCoimisiún chun trádmharcanna an Aontais a chosaint. Mar sin féin, tá an reachtaíocht maidir le dearaí AE neamhiomlán agus as dáta agus tá easnaimh ann sa reachtaíocht maidir le tásca geografacha. Ina theannta sin, thángamar ar an gconclúid nach bhfuil modheolaíocht shoiléir ann chun táillí AE a chinneadh maidir le trádmharcanna agus dearaí.

**VII** Cé go bhfuil bainistíocht Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ar thrádmharcanna agus ar dhearaí AE fónta go ginearálta, d'aithníomar laigí ina creat cuntasachta agus ina córais mhaoinithe, rialaithe agus mheastóireachta. Ina theannta sin, bhí laigí i gcur chun feidhme an chreata do thásca geografacha an Aontais sna Ballstáit agus sa Choimisiún.

**VIII** Níor chuir na Ballstáit an Treoir um Fhorfheidhmiú Cearta Maoine Intleachtúla chun feidhme go haonfhoirmeach agus tá laigí ann i gcur chun feidhme rialuithe forfheidhmithe custaim.

**IX** Molaimid gur cheart don Choimisiún:

- creataí rialála CMI an Aontais a chomhlánú agus a nuashonrú;
- measúnú a dhéanamh ar na socruithe rialachais agus ar an modheolaíocht rialachais chun táillí a chinneadh;
- tionscnaimh a fhorbairt chun córais thásca geografacha an Aontais a fheabhsú; agus
- an creat forfheidhmithe CMI a fheabhsú.

**X** Molaimid gur cheart d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh:

- córais mhaoinithe, rialaithe agus mheasúnaithe na dTionscadal um Chomhar Eorpach a fheabhsú.

# Réamhrá

## Cad iad cearta maoine intleachtúla?

**01** Is éard atá i gceist le Cearta Maoine Intleachtúla (CMI) ná cearta a bhaineann le nithe atá cruthaithe ag an intinn, amhail aireagáin, saothair litríochta agus ealaíne, dearaí agus siombailí, ainmneacha agus íomhánna a úsáidtear sa tráchtáil[1]. Trí CMI a chosaint, féadfaidh cruthaitheoirí aitheantas a thuilleamh agus úsáid neamhúdaraithe a gcuid saothar nó tairbhí neamhúdaraithe d'éadail a gcuid saothar a chosc. Soláthraíonn sé ráthaíochtaí freisin d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí maidir le cáilíocht agus sábháilteacht na n-earraí.

**02** Tá dhá chatagóir i gceist le maoin intleachtúil: (1) cóipcheart – e.g. ar shaothair liteartha, scannáin agus ceol, agus (2) cearta maoine tionsclaíche – lena n-áirítear paitinní, trádmharcanna, dearaí, tásca geografacha agus rúin cheirde. Déantar achoimre i ***bhFíor 1*** ar phríomhghnéithe na dtrádmharcanna, na ndearaí agus na dtásc geografach, arbh iad fócas na hiniúchóireachta seo iad.

[1] Sainmhíniú ar chearta maoine intleachtúla, An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

## Fíor 1 – Príomhthréithe na dtrádmharcanna, na ndearaí agus na dtásc geografach

| |  Trádmharcanna |  Dearaí Tionscail |  Tásca geografacha |
|---|---|---|---|
| **Ábhar** | Comharthaí sainiúla | Cuma na dtáirgí | Táirge ó áit ar leith a bhfuil a cháilíocht nó a cháil nasctha lena bhunús geografach |
| **Cearta faighte** | Cearta eisiacha aonair | Cearta eisiacha aonair | Cearta eisiacha comhchoiteanna, is leis na táirgeoirí go léir iad |
| **Rialú** | Rialú aonair ag úinéir trádmhairc | Rialú aonair ag úinéir dearaidh thionsclaíoch | Comhrialú ag táirgeoirí nó gníomhaireachtaí neamhspleácha |
| **Fad na cosanta** | Deich mbliana, a fhéadfar a athnuachan ar feadh tréimhse éiginnte | Cúig bliana, a fhéadfar a athnuachan ar feadh uastréimhse de 25 bliana | Ar feadh tréimhse éiginnte |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chreataí rialála AE.

**03** Is príomhghné í cosaint CMI a chuireann ar chumas an Aontais dul san iomaíocht i ngeilleagar domhanda. Gineann tionscail a bhaineann úsáid an-mhór as CMI beagnach 45% de ghníomhaíocht eacnamaíoch iomlán an Aontais, ar fiú €6.6 trilliún é, agus soláthraíonn siad 29% d'fhostaíocht iomlán an Aontais. Meastar, áfach, gurb ionann táirgí góchumtha agus 6.8 % d'allmhairí iomlána AE (€121 bhilliún) in aghaidh na bliana, €83 bhilliún i ndíolacháin a chailltear sa gheilleagar dlisteanach agus 400 000 post caillte[2].

[2] Tuarascáil Stádais ar Shárú Ceart Maoine Intleachtúla, Meitheamh 2020, Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO).

## Creat rialála an Aontais um chearta maoine intleachtúla

**04** Tá creat rialála an Aontais um CMI bunaithe ar rialacháin AE, ar threoracha agus ar chomhaontuithe idirnáisiúnta maoine intleachtúla atá ann cheana féin. Tugann sé chosaint i ngach Ballstát den Aontas, agus ar an gcaoi sin cruthaítear córas aonair AE ina bhfuil cearta maoine intleachtúla Eorpacha agus náisiúnta. Tá bunchlocha idirnáisiúnta agus AE maidir le cosaint CMI léirithe i ***bhFíor 2*** agus in ***Iarscríbhinn I***.

### Fíor 2 - Bunchlocha CMI

**IDIRNÁISIÚNTA**

**An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil**

**Coinbhinsiún Pháras (1883);**
**Coinbhinsiún Berne (1886)**

**Na Náisiúin Aontaithe**

*Airteagal 27(2) – Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (1948)*

**An Eagraíocht Dhomhanda Trádála**

*An Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS, 1994)*

**AN tAONTAS EORPACH**

**Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2000)**

*Airteagal 17(2): Cosnófar Maoin Intleachtúil*

**CREAT DLÍTHIÚIL**

**TRÁDMHARCANNA AE**

**Rialachán:**
*Rialachán (AE) 2017/1001 maidir le Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh*

**Treoir:**
*Treoir (AE) 2015/2436 lena ndéantar dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú*

**DEARAÍ AE**

**Rialachán:**
*Rialachán (CE) Uimh. 6/2002, maidir le dearaí AE*

**Treoir:**
*Treoir 98/71/CE maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí*

**TÁSCA GEOGRAFACHA AE**

**Rialachán:**
*Rialachán (AE) 1151/2012 maidir le hearraí talmhaíochta agus bia*

*Rialachán1308/2013 maidir leis an bhfíon*

*Rialachán (AE) 2019/787*

*maidir le deochanna biotáilleacha*

**CREAT UM FHORFHEIDHMIÚ**


**Rialachán:** *Rialachán (AE) 608/2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla*
**Treoir:** *Treoir 2004/48/CE maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú*

*Foinse:* CIE.

## Nós imeachta clárúcháin an Aontais um chearta maoine intleachtúla

**05** Le clárúchán AE maoine intleachtúla, cosnaítear cearta úinéirí ar fud Bhallstáit uile an Aontais. Maidir le cosaint cóipchirt, níl aon chlárúchán ag teastáil. Is féidir paitinní Eorpacha a chlárú le hOifig Eorpach na bPaitinní. Riarann Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) clárú trádmharcanna agus dearaí an Aontais. Féadfaidh aon duine nó cuideachta as aon tír ar domhan iarratas a dhéanamh trí iarratas amháin faoi réir táillí a íoc. Taispeántar na céimeanna éagsúla sa phróiseas clárúcháin i ***bhFíorr 3***.

### Fíor 3 – Nós imeachta clárúcháin do thrádmharcanna AE agus do dhearaí AE





*Foinse:* CIE.

**06** Maidir leis an gcóras chun tásca geografacha AE a chlárú, atá teorannaithe faoi láthair do tháirgí talmhaíochta agus ábhair bhia, fíon agus deochanna biotáille, ní hionann é agus an córas chun trádmharcanna agus dearaí AE a chlárú. I gcás tásca geografacha, tá baint ag údaráis inniúla an Bhallstáit leis an nós imeachta iarratais,

agus is iad táirgeoirí AE nó grúpaí táirgeoirí a dhéanann na hiarratais a chomhadú (féach *Fíor 4*).

### Fíor 4 – Nós imeachta clárúcháin do thásca geografacha




*Foinse:* CIE.

## Forfheidhmiú an Aontais um chearta maoine intleachtúla

**07** Tá forfheidhmiú éifeachtach CMI riachtanach chun nuálaíocht agus infheistíocht a chur chun cinn agus góchumadh a sheachaint. Is fadhb chasta mhéadaitheach é an góchumadh. Chomh maith le hearraí só, tá góchumadóirí ag díriú níos mó agus níos mó ar raon leathan táirgí laethúla. Seachas a bheith díobhálach ó thaobh na heacnamaíochta de, rinne coirpigh a bhí i mbun trádála de tháirgí cógaisíochta agus cúram sláinte góchumtha dúshaothrú ar an bpaindéim COVID-19[3].

**08** D'fhorbair an Coimisiún roinnt ionstraimí chun dul i ngleic le sáruithe góchumtha agus CMI eile. Tá sé mar aidhm ag an treoir maidir le CMI a fhorfheidhmiú (IPRED)[4] córais reachtacha a chomhchuibhiú chun leibhéal ard, coibhéiseach agus aonchineálach cosanta a áirithiú sa mhargadh inmheánach. Sa Rialachán maidir leis an bhForghníomhú a dhéanann Údaráis Chustaim[5], foráiltear do rialacha nós imeachta chun údaráis chustaim CMI a fhorfheidhmiú a mhéid a bhaineann le hearraí atá faoi réir maoirseachta custaim nó rialaithe custaim. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag Plean Gníomhaíochta Custaim AE dul i ngleic le sáruithe ar CMI ag an teorainn sheachtrach do na blianta 2018 go 2022[6] agus tá ceithre chuspóir straitéiseacha ann (féach ***Fíor 5***).

---


[3] Margaíocht víreasach – Earraí góchumtha, earraí faoi bhun caighdeáin agus coireacht maoine intleachtúla le linn phaindéim COVID-19, 17 Aibreán 2020, Europol.

[4] Treoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú (IO L 157, 30.4.2004, lch. 45-86).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla (IO L 181, 29.6.2013, lch. 15-34).

[6] Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta Custaim an Aontais chun dul i ngleic le sáruithe CMI do na blianta 2018 go 2022, (IO C 24, 21.1.2019, lch. 3).

### Fíor 5 – Plean Gníomhaíochta Custaim AE: Cuspóirí Straitéiseacha




*Foinse:* CIE.

## Príomhpháirtithe leasmhara a chosnaíonn cearta maoine intleachtúla san Aontas

**09** Comhoibríonn an Coimisiún Eorpach agus comhlachtaí AE eile leis na Ballstáit lena chinntiú go ndéantar CMI a chosaint i gceart san Aontas.

**10** Tá an Coimisiún freagrach as (féach ***Bosca 1***):

(a) tús a chur le reachtaíocht d’fhonn cearta maoine Eorpacha a chruthú chun cosaint uileghabhálach a chur ar fáil; tograí a fhorbairt mar iarracht dlíthe a bhaineann le cearta maoine intleachtúla san Aontas a chomhchuibhiú agus a fheabhsú;

(b) trasuí agus cur chun feidhme ceart reachtaíocht CMI an Aontais ag údaráis náisiúnta a fhíorú; agus tús a chur le nósanna imeachta maidir le sárú i gcoinne Ballstát;

(c) cosaint CMI éifeachtach i gcoinne sáruithe sa Mhargadh Aonair a fhormhaoirsiú; fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus cosaint FBManna a thacú agus malartú faisnéise agus comhar i measc Ballstát a éascú; agus

(d) aon teip i gcreat dlíthiúil an Aontais a shainaithint ionas gur féidir iad a réiteach agus a chinntiú gur ann do mhachaire réidh ar an leibhéal domhanda.

## Bosca 1

### Inniúlachtaí CMI: An Coimisiún

**AS GROW:** Beartas maidir le trádmharcanna AE, dearaí AE agus tásca geografacha neamhthalmhaíochta; forfheidhmiú cothrománach CMI agus tacaíocht maoine intleachtúla FBM.

**AS AGRI:** Beartas maidir le tásca geografacha talmhaíochta agus tásca geografacha a chlárú.

**AS TAXUD:** Forfheidhmiú ar bheartas CMI ag na húdaráis riarachán custaim.

**OLAF:** Imscrúduithe riaracháin ar sháruithe CMI.

**11** tá ról tábhachtach ag an EUIPO freisin mar Ghníomhaireacht an Aontais atá freagrach as clárú trádmharcanna agus dearaí AE a bhainistiú. Comhoibríonn sé le hoifigí maoine intleachtúla (IP) náisiúnta agus réigiúnacha an Aontais, atá freagrach as trádmharcanna agus dearaí náisiúnta a chlárú. Ina theannta sin, déanann an Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta Maoine Intleachtúla (an Fhaireachlann), atá faoi choimirce EUIPO, raon leathan tascanna a bhaineann le taighde, ardú feasachta, scaipeadh dea-chleachtais, agus tacaíocht do gach cineál CMI a fhorfheidhmiú. Chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne góchumtha agus píoráideachta, tháinig Europol[7] agus EUIPO le chéile in 2016 chun an Chomhghuaillíocht Chomhordaithe um Choireacht Maoine Intleachtúla a chruthú, a oibríonn laistigh de Europol.

**12** Déanann údaráis maoine intleachtúla na mBallstát trádmharcanna agus dearaí náisiúnta a bhainistiú. Déanann na comhlachtaí inniúla náisiúnta anailís ar chomhlíontacht na n-iarrataí a bhaineann le tásca geografacha AE, sula gcuireann siad ar aghaidh iad chuig an gCoimisiún chun iad a fhormheas. Tá údaráis chustaim freagrach as rialuithe forfheidhmithe teorann ar sháruithe CMI, agus tá seirbhísí forfheidhmithe dlí eile ann, go háirithe na póilíní, atá freagrach as sáruithe CMI sa tír féin a bhrath. Bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta, is féidir freisin an chumhacht a thabhairt do na húdaráis chustaim i mBallstáit áirithe chun gníomhú ar aimsiú earraí atá curtha ar an margadh aonair cheana féin, agus a bhfuil amhras fúthu maidir le CMI a shárú.

---

[7] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí.

# Raon feidhme an hiniúchóireachta agus a cur chuige

**13** San iniúchadh, rinneadh measúnú chun féachaint cibé an bhfuil nó nach bhfuil CMI maidir le trádmharcanna AE, dearaí AE agus tásca geografacha dea-chosanta laistigh den Mhargadh Aonair. Níor clúdaíodh cóipcheart agus paitinní i raon feidhme na hiniúchóireachta. Go háirithe, dhíríomar ár n-aird féachaint ar chuir creat rialála an Aontais do CMI cosaint leordhóthanach ar fáil, i gcomhréir leis na prionsabail do bhainistíocht fhónta airgeadais agus cuntasacht phoiblí fhónta, agus ar cuireadh CMInna an Aontais thuasluaite chun feidhme go leordhóthanach. Cumhdaíodh inár gcuid oibre iniúchta an tréimhse ó Eanáir 2017 go dtí Aibreán 2021.

**14** Rinneamar an t-iniúchadh seo toisc nach ndearnamar iniúchadh riamh ar chosaint CMI agus gur cheart go mbeadh mórthionscnaimh an Choimisiúin faoi chreat trádmharcanna an Aontais críochnaithe faoi 2019. Ina theannta sin, tá cosaint CMI ina príomhghné d’iomaíochas an Aontais sa gheilleagar domhanda agus chun nuálaíocht a chur chun cinn. Bhí sé mar aidhm ag an iniúchadh moltaí a sholáthar chun feabhas a chur ar chreat maoine intleachtúla an Aontais agus ar a fhorfheidhmiú.

**15** San iniúchadh, tugadh aghaidh ar:

(a) cibé ar chuir nó nár chuir an Coimisiún an creat rialála CMI riachtanach ar fáil;

(b) cibé ar chuir nó nár chuir an Coimisiún, EUIPO agus na Ballstáit creat rialála CMI chun feidhme go cuí maidir le trádmharcanna, dearaí agus tásca geografacha AE; agus

(c) cibé ar chuir nó nár chuir na Ballstáit rialuithe forfheidhmithe CMI chun feidhme i gceart.

**16** Inár gcuid oibre iniúchta, bailíodh fianaise ó raon foinsí:

(a) athbhreithnithe deisce doiciméadacha agus anailís ar reachtaíocht, tuarascálacha, sonraí agus staitisticí ábhartha, sampláil, chomh maith le scrúdú ar dhoiciméid arna soláthar ag iniúchóirí; agus

(b) agallaimh le baill foirne ábhartha ón gCoimisiún (AS GROW, AS TAXUD agus AS AGRI), OLAF, EUIPO (lena n-áirítear an Fhaireachlann), Europol agus cúig Bhallstát (an Ghréig, an Fhrainc, an Liotuáin, an Ungáir agus an Rómáin), a roghnaíomar bunaithe ar chritéir riosca chainníochtúla.

# Breathnuithe

## Tá saincheisteanna ann sna creataí rialála fónta foriomlána um chearta maoine intleachtúla

### Tá creat trádmhairc an Aontais i bhfeidhm ach níl an Treoir trasuite go hiomlán

**17** Tá sé mar aidhm ag an treoir maidir le trádmharcanna na príomhrialacha nós imeachta laistigh de chórais trádmhairc náisiúnta agus AE a ailíniú. Tá sé riachtanach na forálacha maidir le nósanna imeachta a ailíniú chun go mbeidh sé níos éasca clárú trádmhairc a fháil agus a riar[8]. D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, caithfidh riachtanais chosanta substainteacha, amhail na coinníollacha chun trádmharc cláraithe a fháil agus leanúint den trádmharc cláraithe sin a shealbhú, a bheith comhionann i ngach Ballstát. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an creat dlíthiúil do thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh iomlán, cothrom le dáta agus ailínithe ar leibhéal an Aontais.

**18** Tar éis dúinn an fhianaise dhoiciméadach a scrúdú agus plé a dhéanamh le hionadaithe an Choimisiúin, measaimid gur thrasuigh dhá cheann de na Ballstáit roghnaithe (an Ungáir agus an Liotuáin) an treoir maidir le trádmharcanna (***Iarscríbhinn II***). Cé gurbh é an 14 Eanáir 2019 an príomhdháta trasuí, rinne na Ballstáit roghnaithe an trasuí déanach [9]agus tá sé neamhiomlán sa Ghréig, sa Fhrainc agus sa Rómáin.

**Easnaimh i gcreat rialachais agus cuntasachta EUIPO**

**19** Tá feidhm ag an nós imeachta um urscaoileadh le Parlaimint na hEorpa ag brath ar bhonneagar airgeadais na ngníomhaíochtaí, faoi mar a leagtar síos i Rialachán Airgeadais an Aontais é[10]. Mar ghníomhaíocht atá féinmhaoinithe go hiomlán, eisiatar EUIPO ó urscaoileadh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa; is é a Choiste Buiséid[11] a dhéanann an t-urscaoileadh ina ionad. Cuirtear ár n-iniúchadh bliantúil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme,

---

[8] Aithris 9, Treoir maidir le trádmharcanna.

[9] Ba é an 14 Eanáir 2019 an spriocdháta.

[10] Airteagal 70(4).

[11] Airteagal 176(2) EUTMR.

moltaí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh in oibríochtaí na n-eagraíochtaí, san áireamh sa nós imeachta um urscaoileadh freisin. Sa bhreis air sin, braitheann an nós imeachta um urscaoileadh sin ar mheastóireachtaí seachtracha tréimhsiúla ar EUIPO agus ar dheighilt feidhmeanna agus freagrachtaí idir trí chomhlacht: an Stiúrthóir Feidhmiúcháin atá freagrach as EUIPO a bhainistiú agus an buiséad a chur chun feidhme, an Bord Bainistíochta atá freagrach as an gclár oibre bliantúil a ghlacadh agus an Coiste Buiséid[12].

**20** Faoi na socrúcháin chuntasachta laistigh de EUTMR, cuireann EUIPO an clár oibre bliantúil atá glactha ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún Eorpach, chomh maith le tuarascáil bhliantúil, Clár Straitéiseach Ilbhliantúil (gach cúig bliain) agus cuntais bhliantúla na hOifige. Bíonn malartú tuairimí ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUIPO le Coiste JURI i bParlaimint na hEorpa maidir le Clár Straitéiseach Ilbhliantúil 2025. Téann an Bord Bainistíochta i gcomhairle leis an gCoimisiún i dtaobh chlár oibre bliantúil EUIPO, agus bíonn ar an mBord sin tuairim an Choimisiúin a chur san áireamh nuair atá an clár á ghlacadh aige[13].

**21** Foráiltear le rialachán trádmharcanna AE do rannpháirtíocht theoranta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gCoimisiún. Dá réir sin, eascraíonn tionchar teorannaithe an Choimisiúin agus Pharlaimint na hEorpa ar chinntí EUIPO maidir leis anmBord Bainistíochta nó an Coiste Buiséid as an gcoincheap go bhfuil neamhspleáchas ag na gníomhaireachtaí rialála. Dá bhrí sin, níl tionchar rialaitheach ag an gCoimisiún ná ag Parlaimint na hEorpa ar chinntí an Bhoird Bainistíochta ná an Choiste Buiséid, mar a léirítear nuair a glacadh Rialachán Airgeadais EUIPO in ainneoin vótaí easaontacha ó bheirt ionadaithe an Choimisiúin[14].

**22** I dTuairim 1/2019 maidir le rialachán airgeadais EUIPO uainn féin, chuireamar ár n-imní ar leith in iúl faoin nós imeachta um urscaoileadh in EUIPO agus dhearbhaíomar arís ár moladh gur cheart go mbeadh EUIPO faoi réir an nós imeachta bhuiséadaigh agus urscaoilte ginearálta os comhair Pharlaimint na hEorpa, seachas roimh an gCoiste Buiséid, ar an mbonn go mbunaítear a ioncam ar fheidhmiú údaráis phoiblí atá bunaithe ar dhlí an Aontais. Luamar go seasta gur cheart na prionsabail chéanna cuntasachta a chur i bhfeidhm maidir le gach comhlacht a bhfuil baint aige leis an

---

[12] Airteagail 153, 157 agus 171 den Rialachán maidir le trádmharcanna AE.

[13] Féach Airteagail 153, 157, 172 agus 176 EUTMR.

[14] Cinneadh BC-19-07.

Aontas[15]. Is léir an imní chéanna i staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa[16], ina bhfuarthas amach go bhfuil cuntasacht fós dúshlánach mar gheall nach ann do nós imeachta foirmiúil chun moltaí a dhéanamh do ghníomhaíochtaí atá féinmhaoinithe go hiomlán.

**23** Ba cheart léargas a thabhairt ar roinnt na ndualgas (idir an Bord Bainistíochta agus an Coiste Buiséid sa chás seo) chun cuntasacht cheart a chinntiú, lena n-áirítear feidhmiú neamhspleách. Sa bhreis air sin, ba cheart do bhaill de chomhlacht rialtais a bheith saor ó aon chaidreamh eile a chuirfeadh isteach go mór ar a ról[17]. Tá Bord Bainistíochta chomh maith le Coiste Buiséid EUIPO comhdhéanta d'aon ionadaí amháin ag gach Ballstát, aon ionadaí amháin as Parlaimint na hEorpa agus beirt ionadaithe ón gCoimisiún, le 30 vóta ar an iomlán ann.

**24** Mar sin féin, cé go bhfuil EUTMR á chomhlíonadh le comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta agus an Choiste Buiséid, thugamar faoi deara go bhfuil forluí mór idir na hionadaithe atá sa dá chomhlacht (26 den 30 comhalta vótála nó a bhfo-oifigigh), agus iad ina gcomhaltaí den dá chomhlacht. Dá bhrí sin, measaimid go gcothaíonn sé sin staid ina bhféadfadh an ról tánaisteach atá ag duine díobháil a dhéanamh dá chumas nó a cumas breithiúnas cuí a thabhairt sa phríomhról atá aige nó aici, nó gníomhú go cuí sa ról sin, nó go bhféadfadh an ról tánaisteach sin tionchar a imirt ar an bpríomhról. Cruthaíonn an cás seo, chomh maith le heaspa nós imeachta um urscaoileadh seachtrach, easnamh sna socruithe rialachais, toisc go ndéanann na daoine céanna (nó a bhfo-oifigigh) cinntí maidir le glacadh an bhuiséid agus maidir leis an nós imeachta urscaoilte dá chur chun feidhme.

**25** Sa rialachán maidir le trádmharcanna an Aontais, cuireadh oibleagáid ar an gCoimisiún tionchar, éifeachtúlacht agus éifeachtúlacht EUIPO agus a chleachtais oibre a mheas den chéad uair faoin 24 Márta 2021. Tá an mheastóireacht seo ar siúl go leanúnach agus táthar ag súil go n-eiseofar na torthaí faoi dheireadh 2022.

---

15 Féach, *inter alia*, Tuairimí 3/2015 agus 2/2018 ó CIE, agus Athbhreithniú tírdhreacha 2014 ó CIE ar chuntasacht an Aontais agus socruithe iniúchóireachta poiblí.

16 Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (2018): "Gníomhaireachtaí AE, Cur Chuige Coiteann agus Grinnscrúdú Parlaiminteach". Staidéar, leathanach 8.

17 IFAC-CIPFA (2014): Creat idirnáisiúnta: dea-rialachas san earnáil phoiblí, lch. 24.

## Tá creat dearaí an Aontais as dáta agus neamhiomlán

**26** Bhí sé mar aidhm ag an Treoir maidir le Dearaí dlíthe cosanta dearaidh na mBallstát a ailíniú[18] chun córas dearaí AE a chruthú. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, ba cheart go mbeadh an creat dlíthiúil do dhearaí AE iomlán, cothrom le dáta agus ailínithe ar leibhéal AE.

**27** Tá "nádúr aonadach" ag dearadh AE, rud a chiallaíonn go bhfuil an éifeacht chéanna aige ar fud AE. Tá sé ríthábhachtach ailíniú a dhéanamh ar na córais náisiúnta agus Eorpacha chun dearaí a chlárú toisc go bhfuil tosaíocht ag dearaí náisiúnta cláraithe nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar dhearadh cláraithe AE.

**28** Tá creat rialála AE do dhearaí neamhiomlán agus as dáta agus mar thoradh air sin tá go leor difríochtaí i gcleachtas idir córais an Aontais agus córais náisiúnta agus i measc na mBallstát. Bíonn éiginnteacht dhlíthiúil mar thoradh ar an staid seo agus dearaí á gclárú i mBallstáit éagsúla. Tá meastóireacht sheachtrach, comhairliúchán poiblí agus measúnú iarmharta déanta ag an gCoimisiún, agus tá sé i mbun an chreata rialála do dhearaí a nuashonrú. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh thuas trí thogra reachtach nua a dhréachtú.

**29** De réir na meastóireachta, cuireadh an próiseas trasuí ag na Ballstáit go léir i gcrích an 1 Meitheamh 2004. Léirigh an mheastóireacht roinnt easnaimh thábhachtacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun ailíniú na gcóras cláraithe náisiúnta agus AE a chur i gcrích. Aithníodh inár n-iniúchadh roinnt gnéithe freisin a thugann údar maith don Choimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar chreat dearaidh AE.

**30** Tá easpa ailínithe idir na creataí deartha náisiúnta agus AE sna Ballstáit atá roghnaithe, sa mhéid gur chuireadar nósanna imeachta éagsúla agus teorainneacha ama éagsúla chun feidhme le linn na bpróiseas iarratais, scrúdaithe, foilsithe agus clárúcháin (féach ***Iarscríbhinn V***). Bhraitheamar na difríochtaí seo a leanas maidir leis na nósanna imeachta iarratais:

(a) Is féidir iarratais a chur isteach go leictreonach nó ar pháipéar. In 2020, cuireadh a bhformhór isteach go leictreonach (EUIPO 98.17%, an Liotuáin 78%, an Ungáir 50%, an Rómáin 23%) agus níor ghlac an Ghréig agus an Fhrainc ach le hiarratais leictreonacha.

---

[18] Aithrisí 3 agus 4.

(b) Tugann EUIPO an deis d'iarratasóirí cláraithe deartha AE rogha "Mear-rian" a roghnú faoi choinníollacha áirithe (in 2020, d'úsáid 38.7% d'iarratais chláraithe dearaidh AE an rogha seo). Tairgeann an Fhrainc agus an Rómáin nós imeachta cláraithe níos gasta freisin. Mar sin féin, ní chuireann na Ballstáit roghnaithe eile nósanna imeachta comhchosúla chun feidhme.

**31** Thugamar faoi deara freisin difríochtaí eile idir na córais dearaidh náisiúnta agus AE, eadhon:

(a) tá comhlachtaí inniúla éagsúla ann le haghaidh nósanna imeachta achomhairc: cúirteanna náisiúnta sna Ballstáit agus an Bord Achomhairc in EUIPO;

(b) tá easpa ailínithe ann maidir le táillí agus struchtúr na dtáillí sin (féach ***Iarscríbhinn VI***); agus

(c) níl aon oibleagáid ar Oifigí Náisiúnta Maoine Intleachtúla (NIPOnna) idirghabháil agus eadráin a sholáthar.

**32** Fuaireamar freisin nach bhfuil caighdeánú déanta ar an leagan clóite den tuairisc agus léiriú ar an dearadh agus nach bhforáiltear leis an rialachán maidir le dearaidh AE ná leis an treoir maidir le dearaí gur féidir tuairisc nó léiriú a dhéanamh ar dhearaí ag úsáid teicneolaíochtaí comónta cosúil le híomháú 3D nó físeán.

**33** Leis an rialachán maidir le dearadh AE, cosnaítear dearaí neamhchláraithe AE do tháirgí a mbíonn saolré gairid margaidh acu go minic, ar buntáiste dóibh sin cosaint a bheith acu gan foirmiúlachtaí clárúcháin a bheith ina n-ualach orthu agus ní bhíonn ré na cosanta chomh tábhachtach céanna. Seachas an Rómáin, a bhfuil "bunachar sonraí dearaidh neamhchláraithe" aici (nach bhfuil aon iontrálacha ann go dtí seo), ní thairgeann aon cheann de na Ballstáit roghnaithe an chosaint seo.

**34** Thugamar faoi deara go leathnaíonn an dlí dearaidh i gceithre cinn den chúig Bhallstát roghnaithe an chosaint a thugtar sa mhéid go gcuimsíonn sé deisiú páirteanna spártha. Tá an chosaint sin (clásal deisiúcháin) eisiata sa Rialachán maidir le Dearadh AE agus san Ungáir. Léiríonn ***Tábla 1*** na difríochtaí idir Ballstáit a bhfuil iniúchadh déanta orthu agus EUIPO.

### Tábla 1 – Cosaint do pháirteanna spártha

| | Cosaint le dlí dearaidh | Clásal deisiúcháin |
|---|---|---|
| EUIPO | Gan chosaint | Tá |
| EL (OBI) | Cosanta ar feadh cúig bliana, luach saothair ina dhiaidh sin | Tá |
| FR (INPI) | Cosanta | Níl (*) |
| HU (HIPO) | Gan chosaint | Tá |
| LT (SPB) | Cosanta | Níl |
| RO (OSIM) | Cosanta | Níl |

(*) Beidh feidhm ag an gclásal deisiúcháin ón 1 Eanáir 2023, ach go bhfuil gloine agus soilsiú do charranna eisiata ón gcosaint.

*Foinse:* CIE.

**35** Fuaireamar amach go bhfuil roghanna éagsúla idir córais chlárúcháin an Aontais agus córais chlárúcháin náisiúnta chun foilsiú dearaidh a chur siar, lena n-áirítear difríochtaí sa tréimhse iarchurtha agus sna táillí a d’fheádfadh a bheith i gceist (***Tábla 2***).

### Tábla 2 – Roghanna ar fhoilsiú a iarchur (tréimhse agus táillí)

| | Tréimhse uasta | Táillí in aghaidh an dearaidh (in euro) | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **1ú dearadh** | **2ú go 10ú** | **11ú ar aghaidh** |
| EUIPO | 30 mí | 40 | 20 | 10 |
| An Ungáir (HIPO) | Ní fhéadtar é a dhéanamh | Neamhbhainteach | | |
| An Fhrainc (INPI) | 3 bliana | Gan aon táille bhreise | | |
| An Ghréig (OBI) | 12 mhí | 30 | 10 | 10 |
| An Rómáin (OSIM) | 30 mí | 20 | | |
| An Liotuáin (SPB) | 30 mí | Gan aon táille bhreise | | |

*Foinse:* CIE.

## Ní léiríonn struchtúr táillí um chearta maoine intleachtúla na fíorchostais

### Easpa *modheolaíochta* soiléire chun táillí AE a chinneadh

**36** Tá na táillí do thrádmharc agus dearaí an Aontais leagtha síos sna rialacháin maidir le Trádmharc AE agus maidir le táillí dearaí. Sna critéir[19] maidir le táillí a shocrú, ceanglaítear:

(a) gur leor i bprionsabal an t-ioncam a tháirgeann siad chun buiséad na hOifige (EUIPO) a chomhardú;


(b) go bhfuil cómhaireachtáil agus comhlántacht idir trádmharc an Aontais agus na córais náisiúnta trádmhairc; agus

(c) go bhfuil cearta dhílseánaigh trádmhairc AE curtha chun feidhme go héifeachtúil sna Ballstáit.

**37** Mar a tugadh faoi deara i dTuarascáil speisialta 22/2020 uainn féin, déanann Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, an Ghníomhaireacht Eorpach um Urrúis agus Margaí agus an tIonad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh costas na seirbhísí atá mar bhonn leis na táillí a ghearrann siad a ríomh go hiomlán. D'fhíoraíomar cur i bhfeidhm na gcritéar maidir le táillí a shocrú agus fuaireamar amach go bhfuil barrachas suntasach (€308.75 milliún) carntha ag EUIPO i 2020 mar a léirítear ina chlár comhardaithe (féach ***Fíor 6***). Thugamar dár n-aire freisin cé go bhfuil méid agus struchtúr táillí EUIPO bunaithe ar chritéir shóisialta, airgeadais agus gheilleagair, ní chuireann siad trédhearcacht ar fáil ar chumhdach na gcostas, rud a bhfuil gá leis chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht EUIPO ina gcroí-oibríochtaí. Dá réir sin, tá struchtúr na gcostas aonadach difriúil go mór ó struchtúr na dtáillí agus tá an costas aonadach difriúil go mór ó na táillí.

[19] I Rialachán Uimh. 2246/2002 ón gCoimisiún, ní mheastar ach na chéad chritéir.

**Fíor 6 – Céatadán do bharrachas EUIPO (2011-2020)**




*Foinse:* CIE.

**38** I dTuairim 1/2019, bhreithníomar[20] gur cheart do EUIPO, i éineacht leis an gCoimisiún, a fhiosrú an bhféadfaí barrachais buiséid a úsáid chun tacú le hionstraimí airgeadais a thacaíonn le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta fiontar Eorpach. Sampla d'úsáid barrachais buiséid is ea an tionscnamh "*Ideas Powered for business SME Fund*" (Ciste FBManna), a sholáthraíonn scéim deontais 20 milliún euro chun cabhrú le FBManna na hEorpa rochtain a fháil ar a gcearta maoine intleachtúla.

**39** Ina theannta sin, bhí neamhréireachtaí suntasacha idir táillí AE agus na táillí sin a ghearrann údaráis náisiúnta na gcúig Bhallstát atá roghnaithe (***Tábla 3***). Mar shampla, fuaireamar amach go raibh táillí an Aontais chun cearta maoine a chomhdú agus a athnuachan ar a laghad a thrí oiread níos daoine ná na táillí náisiúnta is costasaí (an Fhrainc).

[20] Tuairim 1/2019.

### Tábla 3 – Táillí comhdúcháin agus athnuachana comparáideacha (*in euro*) an 1.1.2021

| | | EUIPO | EL | FR | HU (1) | LT | RO (2) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Táille comhdaithe iarratais (i ndath, ríomhchomhdú) | | | | | | | |
| | D'aicme | 850 | 100 | 190 | 166 | 180 | 110 |
| | Dara Aicme | 50 | 20 | 40 | 221 | 40 | 50 |
| | Tríú Aicme | 150 | 20 | 40 | 304 | 40 | 50 |
| Athnuachan (r-athnuachan) | | | | | | | |
| | D'aicme | 850 | 90 | 290 | 166 | 180 | 200 |
| | Dara Aicme | 50 | 20 | 40 | 221 | 40 | 50 |
| | Tríú Aicme | 150 | 20 | 40 | 304 | 40 | 50 |

(1) 1 Euro = 361.462 HUF amhail 1.1.2021

(2) 1 Euro = 4.8698 LEI amhail 1.1.2021

*Foinse:* CIE.


**40** Rinneamar anailís ar an bhfaisnéis a chuir EUIPO chuig an gCoimisiún Eorpach, ar Staidéar 2013 ag Parlaimint na hEorpa dar teideal "Ioncam ó ghníomhaíochtaí atá go hiomlán féin-mhaoinithe agus Buiséad AE", ar Staidéar 2010 INNO-tec, ar Staidéar 2011 Max Planck, chomh maith le measúnuithe tionchair 2009 agus 2013 agus an mheastóireacht a rinne an Coimisiún Eorpach. Níor aimsíomar anailís sna doiciméid sin ar an gcaidreamh idir leibhéal na dtáillí, a gcritéir agus na seirbhísí atá curtha ar fáil ag EUIPO, ná cinneadh ar íosleibhéil tháillí AE, a bheadh comhoiriúnach le córais náisiúnta trádmharcanna.

**41** Bunaithe ar an anailís, cé go bhfuil critéir bunaithe chun táillí a chinneadh, measaimid nach bhfuil modheolaíocht shoiléir ann chun méid agus struchtúr tháillí AE a chinneadh, agus go bhfuil leibhéal ard táillí mar thoradh air, rud a tháirgeann barrachais carntha. Tá carnadh barrachas suntasach contrártha leis an bprionsabal maidir le leordhóthanacht a bhaint amach chun buiséad comhardaithe a bhaint amach, rud a leagtar amach sa rialachán. Thug an Staidéar Max Planck le fios gur cháin eagraíochtaí úsáideoirí an easpa trédhearcachta i dtaca le táillí.

**Tá sásra fritháirimh mí-éifeachtach mar thoradh ar tháillí arda**

**42** Tá oibleagáid ar EUIPO[21] na Ballstáit a chúiteamh trí shásra fritháirimh, as na costais bhreise a thabhaíonn siad as páirt a ghlacadh i gcóras trádmhairc an Aontais, sa mhéid nach dtabhaíonn EUIPO aon easnamh buiséid sa bhliain sin. Rinneadh an sásra fritháirimh a ghníomhachtú do na blianta 2018, 2019 agus 2020 (féach *Fíor 7*).

## Fíor 7 – Méideanna an tsásra fritháirimh Tréimhse 2017-2020




*Foinse:* CIE.

**43** Clúdaíonn an táille iarratais an costas cláraithe do thrádmharc náisiúnta. Thugamar faoi deara go raibh an méid a cúitíodh leis an sásra fritháirimh cosúil leis an táille iarratais don Liotuáin. Do bhliain 2020, ba é an rannchuidiú fritháirimh ná € 310 000 agus uimhir na dtrádmharcanna náisiúnta cláraithe ná 1 771. Dá bhrí sin, ba é an rannchuidiú fritháirimh ag trádmharcanna náisiúnta cláraithe ná € 175, cosúil leis an táille iarratais do thrádmharc na Liotuáine (€ 180).

**44** Le rialachán trádmhairc an Aontais, bunaíodh príomhtháscairí feidhmíochta bliantúla (KPInna) chun an méid fritháirimh a dháileadh i measc na mBallstát. Déanann na Ballstáit torthaí na KPInna seo a thaifeadadh ar uirlis ePlatform EUIPO mar aon le dearbhú ó gach NIPO. Fuaireamar amach nach bhfuil rialuithe curtha chun feidhme ag EUIPO chun cruinneas na sonraí a dhearbhaíonn na NIPOnna a fhíorú, rud a chinntíonn dáileadh an mhéid fritháirimh. Measann EUIPO gur leor an dearbhú seo chun modheolaíocht, ríomh agus cruinneas an staidrimh a thaifead na Ballstáit ar ePlatform a chosaint.

**45** Thugamar faoi deara nach bhfuil an príomhtháscaire feidhmíochta (KPI) a ríomhtar na méideanna fritháirimh ina leith leordhóthanach nó 'SMART' – Sonrach, Inmheasta, Indéanta, Ábhartha agus faoi cheangal Ama (féach *Bosca 2*). Thairis sin, ní chinntítear leis an sásra fritháirimh go ndéantar na húdaráis náisiúnta ábhartha a

[21] Airteagal 172(4) den Rialachán maidir le Trádmharc AE.

chúiteamh i gceart as na costais bhreise a thabhaítear, toisc nach n-aistrítear na méideanna fritháirimh chuig a mbuiséid ach ina ionad sin chuig buiséid náisiúnta.

**Bosca 2**

**Ní féidir SMART a lua le measúnuithe ar KPInna maidir le dáileadh na méideanna fritháirimh**

(1) Líon bliantúil na n-iarratas ar thrádmharc AE i ngach Ballstát: D'aimsíomar nach bhfuil an KPI seo ábhartha toisc go gcuirtear iarratais ar thrádmharc AE isteach go leictreonach agus ní chruthaíonn siad costais bhreise do na Ballstáit. Ina theannta sin, tá na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí dul chun cinn agus faisnéise maoinithe cheana féin ag Tionscadail Chomhair Eorpacha.

(2) Líon bliantúil na n-iarratas ar thrádmharc náisiúnta i ngach Ballstát: Measaimid nach bhfuil aon chomhghaol idir líon na bhfeidhmchlár trádmharcanna náisiúnta agus na costais a ghineann córas trádmhairc AE, mar gheall go bhfuil an scrúdú chun a shuíomh an bhfuil forais choibhneasta don diúltú ann – i dtéarmaí coinbhleachta i gcás cearta a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear iarratais ar thrádmharcanna agus clárúcháin AE a bhí ann roimhe sin – á mhaoiniú trí tháillí iarratais agus clárúcháin atá íoctha ag iarratasóirí MI.

(3) Líon bliantúil cásanna a thugtar os comhair chúirteanna trádmhairc AE arna n-ainmniú ag gach Ballstát: Níl staitisticí oifigiúla ann (deacair a thomhas).

(4) Agóid agus iarratais ar dhearbhú neamhbhailíochta ag dílseánach EUTManna sna Ballstáit: Tá na nósanna imeachta don agóid agus don neamhbhailíocht os comhair na NIPOnna maoinithe ag na táillí atá íoctha ag na páirtithe.

## Tá creat do thásca geografacha an Aontais teoranta do tháirgí talmhaíochta

**46** Tá na hearnálacha táisc gheografaigh cumhdaithe ag trí scéim táisc gheografaigh AE le haghaidh (a) táirgí talmhaíochta agus earraí bia, (b) fíonta, agus (c) deochanna biotáilleacha.

**47** Fuaireamar amach go bhfuil na bunrialacha agus na bunphrionsabail maidir le clárú ailínithe go ginearálta. Thugamar faoi deara, áfach, nach gcumhdaítear sa scéim táisc gheografaigh do tháirgí talmhaíochta agus d'earraí bia an raon iomlán earraí atá aicmithe mar tháirgí talmhaíochta faoi Chomhaontú Talmhaíochta EDT. Níl córas AE ann ach an oiread chun táirgí neamhthalmhaíochta (ceardaíocht agus dearaí

- Rialachán Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh II)
- Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach (an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach)
- Rialachán (AE) Uimh. 386/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2012 maidir le cúraimí a bhaineann le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear ionadaithe thar ceann na hearnála príobháidí agus na hearnála poiblí a thionól mar Fhaireachlann Eorpach um Sháruithe ar Chearta

Maoine Intleachtúla, a chur ar iontaoibh na hOifige um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach – Téacs atá ábhartha maidir le LEE

- Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (Rialachán um Rialuithe Oifigiúla)

## Iarscríbhinn II – Reachtaíocht náisiúnta a dhéanann an Treoir maidir le Trádmharcanna a thrasuí

| | Reachtaíocht náisiúnta |
|---|---|
| An Fhrainc | Dlí 92-597 Cód Maoine Intleachtúla arna leasú an uair dheireanach le hOrdú 2019-1169 an 13 Samhain 2019 agus le Foraithne 2019-1316, an 9 Nollaig 2019. Daingníodh an tOrdú le Dlí 220-1558 an 3 Nollaig 2020 |
| An Ghréig | Dlí 4679/2020 maidir le trádmharcanna |
| An Ungáir | Acht XI 1997 maidir le trádmharcanna agus tásca geografacha a chosaint, a leasaíodh an uair dheireanach le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 |
| An Liotuáin | Dlí Trádmharcanna Phoblacht na Liotuáine, a leasaíodh an uair dheireanach le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 |
| An Rómáin | Dlí 84/1996 maidir le trádmharcanna agus tásca geografacha athfhoilsithe i Meán Fómhair 2020 de bhua Airteagal IV de Dhlí 112/2020 |

## Iarscríbhinn III – Trádmharcanna: Teorainneacha ama riaracháin na mBallstát

| | Spriocdháta (míonna) | Gníomh |
|---|---|---|
| An Fhrainc (INPI) | Láithreach | Táille an iarratais a íoc, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 4 seachtaine | An chéad fhoilseachán, ón dáta comhdaithe (tús an dáta le haghaidh breathnuithe agus agóidí) |
| | 4 | Scrúdú ar fhoirmiúlachtaí agus ar fhorais dhaingne don diúltú, ón dáta comhdaithe |
| | 4 | Clárú agus an dara foilseachán, tar éis an chéad fhoilseacháin (mura bhfuil ceartúcháin, nótaí tráchta, barúlacha nó agóidí ann) |
| | 6 | Fógra INPI, ó dháta an chomhdaithe (ag iarraidh ceartúcháin nó nótaí tráchta, más gá) |
| | 1-3 | Iarraidh ar athbhreithniú ar chinneadh an INPI, óna ghlacadh |
| | 45 lá | Ceartú nó nótaí tráchta, ó ghlacadh an fhógra INPI |
| An Ghréig (GDT) | 30/60/90 lá | Barúil a chomhdú ar agóidí an scrúdaitheora (60 lá d'eachtrannaigh agus 90 lá d'iarratais idirnáisiúnta) |
| | 60/90 lá | Achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh diúltach deiridh an scrúdaitheora os comhair an Choiste Riaracháin um Thrádmharcanna (90 lá d'eachtrannaigh) |
| | 3 | Ó fhoilsiú cinneadh deiridh an scrúdaitheora go clárú (mura bhfuil aon agóid déanta in aghaidh chinneadh deiridh an scrúdaitheora) |
| | 3 | Agóid a chomhdú os comhair an Choiste Riaracháin um Thrádmharcanna tar éis fhoilsiú an chinnidh formheasta. |
| | 3 | Ó fhoilsiú cinneadh formheasta deiridh an scrúdaitheora go clárú (mura bhfuil aon agóid déanta in aghaidh chinneadh deiridh an scrúdaitheora) |
| | Gan teorainn | Achomharc a dhéanamh ar fhoilsiú chlárú an trádmhairc os comhair an Choiste Riaracháin um Thrádmharcanna |
| | 60 lá/ 90 lá | Achomharc a dhéanamh in aghaidh aon Chinneadh ón gCoiste Riaracháin um Thrádmharcanna os comhair na gCúirteanna sa Ghréig (90 lá d'eachtrannaigh) |
| An Ungáir (HIPO) | 10 lá oibre | Dáta comhdaithe a chomhaontú, ó theacht an chomhaid chuig an scrúdaitheoir |
| | 1 | Táille an iarratais a íoc, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 1 | Iarraidh ar nós imeachta luathaithe, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 1 | An táille ar nós imeachta luathaithe a íoc, ó dháta na hiarrata |
| | 2 | Éileamh tosaíochta, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 4 | Liosta earraí nó seirbhísí dréachtaithe san Ungáiris, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 30 lá | Scrúdú ar fhoirmiúlachtaí, ó dheireadh an spriocdháta chun an táille comhdaithe a íoc |
| | 30 lá | Doiciméid nó dearbhú atá in easnamh a chur isteach, ó tráth a fhaigheann HIPO an iarraidh |
| | 30 lá | Scrúdú ar fhorais iomlána le diúltú, ó dheireadh na foirmiúlachtaí a scrúdú |

| | Spriocdháta (míonna) | Gníomh |
|---|---|---|
| | 5 lá oibre | Cuardach le haghaidh ceart níos luaithe (tuarascáil chuardaigh), ó dheireadh an scrúdaithe ar fhorais iomlána |
| | 15 lá ar a laghad | Fógra, tar éis an tuarascáil chuardaigh a bheith seolta chuig an iarratasóir |
| | 3 mhí ar a laghad | Clárú, tar éis an fhógra (tréimhse na hagóide) |
| | Gan teorainn | Barúil, tráth ar bith sna himeachtaí. |
| | 3 | Agóid, ón bhfógra |
| | 30 lá | Iarratas ar leasú, ó fuarthas an cinneadh |
| | Gan teorainn | Iarraidh ar neamhbhailíocht nó foirceannadh a bhunú, tráth ar bith tar éis an chláraithe |
| **An Liotuáin (SPB)** | 1 | Scrúdú foirmiúil chun an lá comhdaithe a dhearbhú |
| | 1-3 | Litir easnaimh ag brath ar an gcineál easnaimh a fhreagairt |
| | 1 | Freagra ar bharúil |
| | 2 | Iarraidh ar athscrúdú, ón gcinneadh iarratas a dhiúltú |
| | 2 | Achomharc a chomhdú, tar éis an chinnidh iarratas a dhiúltú |
| | 3 | Achomharc a chomhdú i gcoinne chinneadh an Rannáin Achomhairc chuig cúirt réigiúnach Vilnias |
| | 3 | Agóid a chomhdú, ó dháta foilsithe an iarratais ar thrádmharcanna |
| | 5 lá | Scrúdú práinneach ar an iarratas tar éis iarratas a fháil ón iarratasóir |
| | 2-12 | Tréimhse le haghaidh socrú síochánta |
| **An Rómáin (OSIM)** | | Iarratas ar chlárú (go dtí Iúil 2020) |
| | 6 | mura bhfuil aon agóid nó fógra maidir le diúltú sealadach ag an iarratas |
| | 13 | má eisíodh an t-iarratas le haghaidh fógra maidir le diúltú sealadach |
| | 24 | más rud é gur comhdaíodh agóid in aghaidh an iarratais |
| | 24 | má comhdaíodh agóid in aghaidh an iarratais agus gur eisíodh fógra maidir le diúltú sealadach dó |
| | | Iarratas ar chlárú (ó Iúil 2020) |
| | 6 | mura bhfuil aon agóid déanta in aghaidh an iarratais ná fógra faoi dhiúltú sealadach |
| | 13 | más rud é gur eisíodh fógra faoi dhiúltú sealadach don iarratas |
| | 24 | má comhdaíodh agóid in aghaidh an iarratais (agus gur eisíodh fógra faoi dhiúltú sealadach) |
| | | Achomhairc (go dtí Iúil 2020) |
| | 30 lá | chun an t-achomharc a chomhdú ó fhoilsiú / chumarsáid an chinnidh diúltaithe / ligean isteach páirteach |
| | Gan aon teorainn ama | chun deireadh a chur leis an nós imeachta |
| | 30 lá | Cinneadh an BoA a chur in iúl (ón dáta a fhógraítear an cinneadh) |
| | | Achomhairc (Iúil 2020) |

| | Spriocdháta (míonna) | Gníomh |
|---|---|---|
| | 30 lá | chun an t-achomharc a chomhdú ó fhoilsiú / chumarsáid an chinnidh diúltaithe / ligean isteach páirteach |
| | Gan aon teorainn ama | chun deireadh a chur leis an nós imeachta |
| | 3 | Cinneadh an BoA a chur in iúl (ón dáta a fhógraítear an cinneadh) |

## Iarscríbhinn IV – Reachtaíocht náisiúnta a dhéanann an Treoir maidir le dearaí AE a thrasuí

| | Reachtaíocht náisiúnta |
|---|---|
| An Fhrainc | Cód Maoine Intleachtúla |
| An Ghréig | Foraithne an Uachtaráin 259/1997 arna leasú le Foraithne an Uachtaráin 161/2002 |
| An Ungáir | Acht XLVIII de 2001 ar Chosaint Dlíthiúil Dearaí |
| | Foraithne 19/2001. (XI. 29.) IM (an tAire Dlí agus Cirt) maidir le riachtanais fhoirmiúla mhionsonraithe na n-iarratas ar chosaint dearaidh. |
| An Liotuáin | Dlí Dearaidh (2002) |
| An Rómáin | Dlí 129/1992 maidir le dearaí a chosaint agus Cinneadh 211/2008 ón Rialtas, an Rialachán Chur Chun Feidhme le haghaidh Dlí 129/1992 |

# Iarscríbhinn V – Dearaí: Teorainneacha ama riaracháin na mBallstát

| | Teorainneacha ama (míonna) | Gníomh |
|---|---|---|
| An Fhrainc (INPI) | 6 | Cinneadh faoi chosaint a dheonú nó a dhiúltú, ón dáta comhdaithe |
| | 1-3 | Spriocdháta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh, ón dáta seachadta |
| An Ghréig (OBI) | 2-4 | An t-iarratas a chomhdú, go dtí aon easnamh a chomhlánú nó aon earráidí a cheartú (litir na n-easnamh) |
| | 6 | An t-iarratas a chomhdú, go dtí foilsiú an iarratais (go praiticiúil) |
| | 6.5 | An t-iarratas a chomhdú, go dtí clárú agus deimhniú a eisiúint (go praiticiúil) |
| | 7.5 | An t-iarratas a chomhdú, go dtí foilsiú an chlárúcháin (go praiticiúil) |
| | I gcás foilseacháin a iarchur | |
| | 2 | An t-iarratas a chomhdú leis an iarraidh ar iarchur, go dtí aon easnamh a chomhlánú nó aon earráidí a cheartú (litir na n-easnamh) |
| | Suas go 8 | An t-iarratas a chomhdú leis an iarraidh ar iarchur, go dtí go bhfoilseofar an t-iarratas go hiomlán |
| An Ungáir (HIPO) | 2 | Táille an iarratais a íoc, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 30 lá | Scrúdú foirmiúil (ó íocaíocht agus iontráil i gcuntais na táille) |
| | 2 | Más gá, neamhrialtachtaí a cheartú |
| | Gan teorainn | Scrúdú substaintiúil agus cuardach nuachta |
| | 2 | Más gá, teorainn ama chun ráiteas a chur isteach |
| | Gan teorainn | Cinneadh ar cheart cosaint a dheonú nó a dhiúltú |
| | 30 lá | Teorainn ama chun iarratas a chur isteach chun an cinneadh a leasú, ón dáta a fuarthas é |
| | Gan teorainn | Dearadh a chlárú, agus doiciméad agus sliocht a sheoladh ón gclár don dearadh |
| An Liotuáin (SPB) | 1 | Táille iarratais a íoc, ó lá comhdaithe an iarratais |
| | 6 | Teorainn ama tosaíochta, ó chéad dháta comhdaithe an iarratais |
| | 3 | Doiciméid tosaíochta a chur i láthair, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 5 | Iarraidh ar fhoilsiú níos luaithe, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 30 | Iarraidh ar fhoilsiú a chur siar, ó dháta comhdaithe an iarratais |
| | 1 | Freagra ar litir easnaimh |

| | Teorainneacha ama (míonna) | Gníomh |
|---|---|---|
| | 3 | Iarraidh ar athscrúdú, ón gcinneadh clárú a dhiúltú |
| | 6 | Foilsiú an dearaidh mura iarradh foilsiú nó iarchur foilsithe níos luaithe |
| | 3 | Táille cláraithe dearaidh agus foilsithe a íoc |
| | 3 | Achomharc a chomhdú, tar éis an chinnidh clárú a dhiúltú |
| | 6 | Achomharc a chomhdú i gcoinne chinneadh an Rannáin Achomhairc chuig cúirt réigiúnach Vilnias |
| An Rómáin (OSIM) | | Iarratas ar chlárú |
| | 6 | mura bhfuil aon agóid déanta in aghaidh an iarratais |
| | 18 | más rud é gur comhdaíodh agóid in aghaidh an iarratais |
| | | Achomhairc |
| | 30 lá | chun an t-achomharc a chomhdú ó chur in iúl an chinnidh diúltaithe / ligean isteach páirteach |
| | Gan teorainn | chun deireadh a chur leis an nós imeachta |
| | 30 lá | Cinneadh an BoA a chur in iúl (ó dháta an chinnidh) |

## Iarscríbhinn VI – Dearaí na mBallstát - Táillí agus struchtúr na dtáillí (an 1 Eanáir 2021)

| AN FHRAINC (INPI) | | in euro |
|---|---|---|
| Taisce: | | |
| | comhdú an chomhaid iarratais ar chlárú | 39 |
| | forlíonadh trí atáirgeadh arna thaisceadh i ndubh agus bán | 23 |
| | forlíonadh trí atáirgeadh arna thaisceadh i ndath | 47 |
| Leathnú na cosanta: síneadh (trí thaisce) | | 52 |
| Rialtú, ceartú earráide ábhartha, iarraidh ar fhógra caite | | 78 |
| Clárú agus cosaint nó leathnú cosanta don imchlúdach speisialta | | 15 |
| **AN GHRÉIG-OBI** | | |
| Táille comhdaithe agus cláraithe do dhearadh nó do shamhail | | 100 |
| Táille chlárúcháin fhorlíontach chun níos mó ná dearadh nó samhail amháin a thaisceadh in éineacht (suas le 50 dearadh nó samhail) | | 10 (do gach dearadh nó samhail bhreise) |
| Táille foilseacháin dearaidh nó samhail | | 30 |
| Táille foilseacháin fhorlíontach chun níos mó ná dearadh nó samhail amháin a thaisceadh in éineacht (suas le 50 dearadh nó samhail) | | 10 (do gach dearadh nó samhail bhreise) |
| Táille foilseacháin iarchurtha do dhearadh nó samhail | | 30 |
| Táille foilseacháin iarchurtha forlíontach chun níos mó ná dearadh nó samhail amháin a thaisceadh in éineacht (suas le 50 dearadh nó samhail) | | 10 (do gach dearadh nó samhail bhreise) |
| Táille chun tascanna, ceadúnais, modhnuithe eile ar chearta nó athrú in ainm corparáideach nó stádas dlíthiúil dílseánach na samhla nó an dearaidh a chlárú | | 100 |
| Táille cosanta 5 bliana do dhearaí agus do shamhlacha tionsclaíocha | | |
| Táille cosanta don chéad tréimhse de 5 bliana | | 0 |
| Táille athnuachana don dara tréimhse de 5 bliana | | 100 |
| Táille athnuachana don tríú tréimhse de 5 bliana | | 150 |
| Táille athnuachana don cheathrú tréimhse de 5 bliana | | 200 |
| Táille athnuachana don chúigiú tréimhse de 5 bliana | | 250 |
| **Táillí ginearálta** | | |
| Táille le haghaidh teastais tosaíochta arna n-eisiúint ag OBI le haghaidh teidil cosanta tionscail | | 50 |

| | |
|---|---|
| Táille as teastais eile arna n-eisiúint ag OBI | 20 |
| Táille ceannaigh don Fheasachán Maoine Tionscail ar dhlúthdhiosca (CD): | |
| Praghas Imleabhar A' & B' in aghaidh an diosca | 2 |
| Síntiús bliantúil Intíre don dá Imleabhar (A' & B') | 22 |
| Síntiús bliantúil Coigríche don dá imleabhar (A' & B') | 44 |
| Táille do chóipeanna de theidil maoine tionsclaíche | |
| Gnáthchóipeanna – Don 21ú leathanach agus do gach leathanach ina dhiaidh sin | 0 |
| Cóipeanna deimhnithe | 20 |
| Don 21ú leathanach agus do gach leathanach ina dhiaidh sin | 0.2 |
| Teidil choigríche (ordaithe ó thar lear) | 1.00 (in aghaidh an leathanaigh) |
| Táille tuarascála réamhchuardaigh (torthaí do suas le 60 iontráil / teideal) | 60 |
| Táille tuarascála réamhchuardaigh (le haghaidh torthaí a sháraíonn na 60 iontráil / teideal) | 2 (do gach iontráil / teideal breise) |
| Táille le haghaidh tuairim OBI | Socraithe ag Bord Stiúrthóirí OBI ar bhonn cás ar chás |
| Táille de réir CDM 11970 / B0012 | 1 000 |

## AN UNGÁIR (HIPO)

| | **Suim más fíor faoin iarratasóir agus an dearthóir** | |
|---|---|---|
| | **nach é an duine céanna atá i gceist** | **gurb é an duine céanna atá i gceist** |
| 1. Táille comhdaithe | 90 | 22 |
| móide do gach dearadh breise (uasmhéid 50 san áireamh san iarratas céanna) | 18 | 4 |
| 2. Táille d'iarraidh ar leasú | 0 | 0 |
| don chéad iarraidh | 15 | 15 |
| don dara hiarraidh | 26 | 26 |
| don iarraidh bhreise | 49 | 49 |
| 3. Iarraidh go ndéanfaí an teorainn ama a bhaineann le gníomhaíocht a fhadú | 0 | 0 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | don chéad iarraidh | 15 | 15 |
| | don dara hiarraidh | 26 | 26 |
| | don iarraidh bhreise | 49 | 49 |
| 4. Táille le haghaidh iarraidh ar iarratas dearaidh a roinnt nó cosaint dearaí do gach iarratas nó cosaint a leanann as. | | 90 | 90 |
| 5. Táille chun comharbas teidil a thaifeadadh | | 46 | 46 |
| | má fhaigheann dearthóir dearadh seirbhíse an ceart | 10 | 10 |
| 6. Táille chun ceart gealltanais nó comhaontú ceadúnais a thaifeadadh, do gach cás | | 46 | 46 |
| 7. Táille chun iarraidh ar chosaint dearaidh a athnuachan nó a athnuachan go páirteach | | 0 | 0 |
| | don chéad athnuachan | 179 | 90 |
| | don dara hathnuachan | 239 | 120 |
| | don tríú athnuachan | 300 | 150 |
| | don cheathrú athnuachan | 448 | 224 |
| 8. Táille chun iarraidh ar chosaint dearaidh a chur ó bhail | | 394 | 394 |
| 9. Táille d'iarraidh ar chinneadh maidir le heaspa sáraithe | | 394 | 394 |
| 10. Táille chun cur i bhfeidhm idirnáisiúnta nó CD a tharchur | | 30 | 30 |

| AN LIOTUÁIN (SPB) | |
|---|---|
| * 1. Táille comhdhaithe | 69 |
| 1.1 táille don 11ú dearadh agus gach dearadh ina dhiaidh sin | 26 |
| * 2. Táille maidir le clárú agus d'fhoilsiú an dearaidh | 69 |
| 3. Clárú an dearaidh a athnuachan: | |
| 3.1 don athnuachan sa dara tréimhse | 86 |
| 3.2 don athnuachan sa tríú tréimhse | 115 |
| 3.3 don athnuachan sa cheathrú tréimhse | 144 |
| 3.4 don athnuachan sa chúigiú tréimhse | 173 |
| 4. Táille maidir le hathruithe a bhreacadh sa Chlár um Dhearaí | 34 |
| 5. Táille maidir le hachomharc | 34 |
| 6. Táille agóide | 92 |
| 7. Táille maidir le cearta aistrithe | 115 |
| 8. Táille maidir le ceadúnas a chlárú | 28 |
| 9. Táille maidir le hasbhaint ón gClár um Dhearaí | 34 |
| 10. Táille maidir le cóip dheimhnithe d'iarratas; doiciméad tosaíochta | 23 |
| 11. Táille maidir le cóip a dhéanamh de dheimhniú dearaidh | 34 |
| 12. Táille maidir le hiarratas ar dhearadh AE a chur ar aghaidh | 28 |
| 13. Táille maidir le síneadh a chur leis an tréimhse | 23 |
| 14. Táille maidir le hathchromadh | 34 |

| | |
|---|---|
| * Do dhaoine nádúrtha, beidh laghdú 50 % ar mhéid na dtáillí chun dearadh cláraithe iarratais a chomhdú. | |
| **AN RÓMÁIN (OSIM)** | |
| An t-iarratas a chlárú i gClár Náisiúnta na nIarratas arna gCur Isteach: | |
| (a) don chéad dearadh | 30 |
| (b) do gach dearadh breise | 10 |
| Foilsiú an dearaidh: | |
| (a) do gach fíor, i spás caighdeánach (6X6 cm), dubh agus bán | 20 |
| (b) do gach fíor, i spás caighdeánach (6X6 cm), i ndath | 100 |
| (c) do gnéithe sainiúla (30 focal ar an uasmhéid) | 10 |
| Iarchur an fhoilsithe | 20 |
| Tosaíocht a agairt | 20 |
| Scrúdú ar an iarratas ar chlárúchán: | |
| (a) don chéad dearadh | 50 |
| (b) do gach dearadh breise | 10 |
| An deimhniú clárúcháin a eisiúint: | |
| (a) do 1-20 dearadh/samhail | 20 |
| (b) do 21-50 dearadh/samhail | 30 |
| (c) do 51-100 dearadh/samhail | 50 |
| Cothabháil an teastais chlárúcháin i bhfeidhm do gach tréimhse cosanta 5 bliana: | |
| (a) do 1-20 dearadh/samhail | 100 |
| (b) do 21-50 dearadh/samhail | 125 |
| (c) do 51-100 dearadh/samhail | 150 |
| An deimhniú athnuachana a eisiúint: | |
| (a) do 1-20 dearadh/samhail | 20 |
| (b) do 21-50 dearadh/samhail | 25 |
| (c) do 51-100 dearadh/samhail | 30 |
| Athnuachan ar an deimhniú cláraithe do gach tréimhse 5 bliana: | |
| (a) do 1-20 dearadh/samhail | 100 |
| (b) do 21-50 dearadh/samhail | 125 |
| (c) do 51-100 dearadh/samhail | 150 |
| An Teastas Tosaíochta a eisiúint | 30 |
| Achomharc a scrúdú | 150 |

| | |
|---|---|
| Scrúdú ar agóid in aghaidh clárú dearaidh | 30 |
| Deimhniú clárúcháin dearaidh a athbhailíochtú | 100 |
| Athruithe a chlárú ar staid dlí an iarratais nó an deimhnithe clárúcháin: | |
| (a) cearta a tharchur | 30 |
| (b) athruithe ar ainm nó seoladh an iarrthóra/sealbhóra agus ghníomhaire | 10 |
| (c) na gníomhartha dá dtagraítear i mír (a) a fhoirceannadh | 10 |
| Doiciméid, teastais, dúbailtí, cóipeanna deimhnithe, sleachta ón gclár a eisiúint | 10 |
| An t-iarratas idirnáisiúnta ar chlárú / athnuachan a tharchur ó OSIM go OMPI: | |
| (a) don chéad samhail | 80 |
| (b) do na samhlacha a thagann ina dhiaidh sin | 20 |
| An teorainn ama a leagtar síos sa Rialachán a shíneadh le tréimhse 30 lá | 10 |

## Iarscríbhinn VII – Na critéir a úsáideann EUIPO chun cnapshuimeanna a ríomh

**Gníomhaíochtaí cur chun cinn.** Tá an modh bunaithe ar chur chuige ar leith do gach NIPO trí thagairt a dhéanamh do shonraí deimhnithe nó iniúchta ar fhorghníomhú NIPO i dtaca le gníomhaíochtaí 2018. Rinneadh an meánmhéid a ríomh ag féachaint don mhéid iomlán a forghníomhaíodh in aghaidh na catagóire agus líon na ngníomhaíochtaí in aghaidh na catagóire a rinneadh in 2018. Sainmhínítear trí chatagóir: (1) Faisnéis agus comhairle a sholáthar; (2) Imeachtaí scaipthe; agus (3) Gníomhaíochtaí na faireachlainne: gníomhaíochtaí / imeachtaí feasachta agus forfheidhmithe.

**Rátaí laethúla.** Tá an modh bunaithe ar rátaí a sholáthraíonn gach NIPO chun an iarracht a bhaineann le tionscadail, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht na meithleacha i gcomhaontuithe comhair 2019 a chlúdach. Rinneadh meánráta in aghaidh an NIPO a ríomh ag féachaint do gach ráta ó gach próifíl inmheánach foirne a sholáthraíonn gach NIPO.

**Daon-laethanta in aghaidh na ngníomhaíochtaí.** Sa mhodh seo, úsáidtear meastachán ar an iarracht a theastaíonn, de réir mhéid chastacht gach gníomhaíochta agus na staire atá ar fáil ó fheidhmíocht na bliana roimhe sin. Is iad na hiarrachtaí riachtanacha: (1) Rannpháirtíocht na NIPOnna i ngrúpaí oibre – naoi ndaon-lá; (2) Seiceáil teanga tionscadail líonra comhoibritheach – 36 dhaon-lá; (3) Comhchleachtais a chothabháil – 30 daon-lá; agus (4) Tionscadal cásdlí na Faireachlainne- 20 daon-lá.

## Iarscríbhinn VIII – Doiciméid Tacaíochta d'Iarratais maidir le Clárú do Thásc Geografach

Tá a phróiseas féin ag gach Ballstát le haghaidh grinnscrúdú den sórt sin agus tá na céimeanna agus na nósanna imeachta éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Ina theannta sin, déanann gach Ballstát cinneadh cibé an ngearrann sé táille ar na próisis chlárúcháin agus rialaithe, gan aon chur chuige comhchuibhithe ar an leibhéal AE. Trí ghníomhartha reachtacha éagsúla, tá rialacha comhchuibhithe bunaithe ag an gCoimisiún ar phróisis táisc gheografaigh, eadhon nósanna imeachta, foirm agus cur i láthair na n-agóidí in aghaidh tásc geografach, iarratais ar leasú agus cealú tásc geografach atá cláraithe cheana féin. Cuireann údaráis náisiúnta na hiarrataí ar chlárú táisc gheografaigh faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis na cáipéisí tacaíochta seo a leanas:

(a) dearbhú Ballstáit maidir le coinníollacha na scéime comhfhreagraí;

(b) mionsonraí faoi aon ráitis agóide inghlactha a fuarthas sa chéim náisiúnta den phróiseas agóide;

(c) mionsonraí faoi aon chosaint náisiúnta shealadach;

(d) faisnéis faoi aon imeachtaí breithiúnacha náisiúnta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don nós imeachta clárúcháin (fíon agus biotáillí – 'riail Piadina'); agus

(e) faisnéis faoin údarás inniúil agus, más féidir, faoin gcomhlacht rialaithe.

## Iarscríbhinn IX – Tásc Geografach. Próiseas formheasta ar leibhéal an Choimisiúin

(1) Tar éis dó na hiarratais a fháil, déanann an Coimisiún an méid seo a leanas:

- scrúdaíonn sé an t-iarratas de réir Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, maidir le táirgí talmhaíochta agus earraí bia; Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33, maidir le táirgí fíona; Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 787/2019, maidir le deochanna biotáilleacha; agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 251/2014, maidir le fíonta cumhraithe, chun a mheas an gcomhlíonann sé nó nach gcomhlíonann sé na ceanglais rialála;
- iarrtar soiléirithe más gá ón mBallstát iarratach, laistigh de spriocdháta sé mhí ón dáta a fuarthas an t-iarratas (arna shíneadh, má tá soiléirithe breise ag teastáil);
- má tá an grinnscrúdú dearfach, déantar an chéad fhoilseachán in Iris Oifigiúil AE, sraith C, a cheadaíonn agóidí ó pháirtithe leasmhara atá lonnaithe lasmuigh den Bhallstát iarratach laistigh de spriocdháta dhá mhí, d'earnáil an fhíona agus na bhfíonta cumhraithe, agus spriocdháta trí mhí, do táirgí talmhaíochta agus earraí bia agus deochanna biotáilleacha (le dhá mhí eile chun ráiteas agóide réasúnaithe a chur isteach);
- mura bhfuil na hagóidí a fuarthas inghlactha nó má aistarraingítear iad ina dhiaidh sin, nó mura bhfaightear agóid, cláraítear an tásc geografach trí Rialachán a fhoilsítear in Iris Oifigiúil AE, sraith L;
- má tá an grinnscrúdú diúltach, glacann an Coimisiún cinneadh diúltaithe (Airteagal 52(1) de Rialachán Uimh. 1151/2012, Airteagal 97(4) de Rialachán Uimh. 1308/2013, Airteagal 30(1) de Rialachán 2019/787). Ní mór don Choiste freagrach vótáil ar chinneadh den sórt sin.

(2) Nuair a fhaightear agóid inghlactha, cuirtear tús le nós imeachta cairdiúil idir an t-iarratasóir agus an t-agóideoir / na hagóideoirí (trí mhí don phlé, agus síneadh féideartha de thrí mhí), as a dtiocfaidh na féidearthachtaí seo a leanas:

- má thagtar ar chomhaontú idir na páirtithe, gan substaint an iarratais a mhodhnú, cláraítear an tásc geografach;
- má thagtar ar chomhaontú lena mbaineann modhnú ar shubstaint an iarratais, athdhéantar an próiseas grinnscrúdaithe ón tús;
- mura dtagtar ar aon chomhaontú, tá ceangal ar an gCoimisiún cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, bíodh sé dearfach nó diúltach, agus cuireann sé an

Rialachán Chur Chun Feidhme faoi bhráid an Choiste Cáilíochta, arna bhunú ag na Ballstáit, lena fhormheas.


(3) D'fhonn dúbailt na hanailíse ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus sa Choimisiún a sheachaint, déanann an Coimisiún grinnscrúdú ar iarratais a fuarthas chun a chinntiú go seasfar le dlí an Aontais, nach bhfuil aon earráidí follasacha ann, agus go gcuirtear san áireamh leasanna na bpáirtithe leasmhara lasmuigh de Bhallstát an iarratais. Go praiticiúil, is é an Doiciméad Aonair (lena n-áirítear achoimre ar na sonraíochtaí táirge agus na tréithe teicniúla) amháin a scrúdaíonn an Coimisiún.

(4) Is é an Doiciméad Aonair an doiciméad atá beartaithe lena fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i gcás faofa. Nuair a shainaithníonn an Coimisiún neamhréireachtaí, earráidí nó téacs doiléir, seoltar ríomhphost chuig an mBallstát iarratasóra. Aistrítear an Doiciméad Aonair foilsithe go teangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh. Déantar na sonraíochtaí táirge (ag tabhairt mionsonraí ar na próisis theicniúla go léir a bhaineann le táirgeadh) a sheol na hiarratasóirí a dhréachtú i dteanga náisiúnta an iarratasóra.

## Iarscríbhinn X – Iarratais ar Thásca Geografacha, 2017-2020

(1) Ó 2017 go 2020, fuair an Coimisiún 211 iarratas ar chlárúchán AE de tháirgí atá cosanta ag tásc geografach. Chláraigh an Coimisiún 57 mar tháirgí táisc gheografaigh le linn na tréimhse lena mbaineann agus d'fhoilsigh sé 18 n-agóid. Bhí na 136 iarratas eile (64%) ag céimeanna éagsúla den anailís. Thóg anailís idir na 57 n-iarratas a cláraíodh idir naoi agus 49 mí, agus chuir an Coimisiún moill ar shaincheisteanna amhail an gá le doiciméid a aistriú, saincheisteanna TF agus laghdú ar líon na foirne.

### Iarratais ar Thásca Geografacha, An Coimisiún 2017-2020





*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

(2) Roghnaíomar 22 iarratas ar chlárúcháin táisc gheografaigh AE sna Ballstáit ar tugadh cuairt orthu, ar raibh 14 acu sin curtha faoi bhráid an Choimisiúin agus ba iad na húdaráis náisiúnta a rinne anailís ar an gcuid eile. Cheadaigh an Coimisiún seacht n-iarratas, agus thóg an anailís 16 go 48 mí ón am ar cuireadh isteach iad. Maidir leis na seacht n-iarratas formheasta, thóg an tréimhse anailíse iomlán (lena n-áirítear grinnscrúdú náisiúnta tosaigh) idir 20 agus 56 mhí. Maidir le péire de na 14 iarratas, mhainnigh an Coimisiún an spriocdháta tosaigh de sé mhí a urramú[29] le haghaidh anailíse agus ceisteanna chuig na Ballstáit ar iarrthóirí iad, rud a d'fhéadfadh dá réir sin moill a chur ar an bpróiseas clárúcháin táisc gheografaigh.

[29] Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

## Iarratais ar leasú táisc gheografaigh, An Coimisiún 2017-2020




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí an Choimisiúin.

(3) Roghnaíomar 22 iarratas chun tásca geografacha AE a cláraíodh roimhe seo sna Ballstáit ar tugadh cuairt orthu a leasú, ar cuireadh 18 gcinn faoi bhráid an Choimisiúin agus rinne na húdaráis náisiúnta anailís ar an gcuid eile. D'fhormheas an Coimisiún 11 iarratas, agus thóg sé trí go 48 mí ar an anailís ón am ar cuireadh isteach iad. Maidir leis na 11 iarratas formheasta, mhair an tréimhse anailíse iomlán (lena n-áirítear grinnscrúdú náisiúnta) idir sé agus 60 mí. Maidir le cúig cinn den 18 n-iarratas, níor chloígh an Coimisiún leis an spriocdháta tosaigh sé mhí le haghaidh anailíse agus ceisteanna a chur ar na Ballstáit iarratasóra, rud a d'fhéadfadh dá bhrí sin moill a chur ar an bpróiseas clárúcháin táisc gheografaigh.

# Giorrúcháin

**AFA:** Iarratas ar Ghníomh

**AFIS:** Córas Faisnéise Frith-Chalaoise OLAF

**AS AGRI:** Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe

**AS BUDG:** Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid

**AS GROW:** An Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

**AS SANTE:** An Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteachta Bia

**AS TAXUD:** Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

**BoA:** An Bord Achomhairc

**CA:** Comhaontú Comhair

**CFAE:** Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

**CMI:** Ceart maoine intleachtúla

**COPIS:** Córas faisnéise frith-ghóchumtha agus frith-phíoráideachta uile Aontais

**DSA:** An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha

**ECFE:** An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

**ECP:** Tionscadal comhair Eorpach

**EDT:** An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

**EUIPO:** Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

**EUROPOL:** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí

**FBM:** Fiontar beag nó meánmhéide

**HIPO:** Oifig Maoine Intleachtúla na hUngáire

**INPI:** Institiúid Náisiúnta Maoine Tionscail na Fraince

**IPRED:** An Treoir maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú

**KPI:** Príomhtháscaire feidhmíochta

**NIPO:** Oifig náisiúnta maoine intleachtúla

**OLAF:** An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

**OSIM:** Oifig Stáit na Rómáine um Aireagáin agus Trádmharcanna

**SPB:** Biúró Paitinne Stáit na Liotuáine

**Táscairí SMART:** Táscairí sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíocha agus faoi cheangal ama

# Gluais

**Aicme:** Catagóir fhoirmiúil trína sainítear na hearraí agus / nó na seirbhísí.

**Clásal deisiúcháin:** Tá sé mar aidhm aige an chosaint ar chodanna breise a úsáidtear chun táirge a dheisiú a theorannú. Is é an aidhm ná cosc a chur ar chruthú margaí gabhála i gcás ina bhfuil líon teoranta soláthraithe iomaíocha ann (e.g. gluaisteáin). Leis an léirscaoileadh in úsáid páirteanna spártha, ba cheart go mbeadh níos mó iomaíochta ann sa mhargadh iarchúraim, rud a chruthódh rogha níos mó agus thabharfadh praghsanna níos ísle do thomhaltóirí.

**Coinsíneacht bheag:** Coinsíneacht poist nó luaschúiréara, ina bhfuil trí aonad nó níos lú; nó a bhfuil meáchan comhlán níos lú ná 2 chileagram aige.

**Dearadh:** Cuma táirge a éiríonn as a ghnéithe ornáideacha nó aeistéitiúla a bhféadfadh gnéithe tríthoiseacha (an cruth nó an dromchla) nó gnéithe déthoiseacha (patrúin, línte nó dath) a bheith ann.

**Dearbhóir:** An duine a thaisceann dearbhú custaim ina ainm nó ina hainm féin nó an duine a dtaisctear dearbhú den sórt sin ina ainm nó ina hainm.

**ISO 9001:** Caighdeán bunaithe ar roinnt prionsabal bainistíochta cáilíochta lena n-áirítear fócas láidir ar chustaiméirí, spreagadh agus impleacht na hardbhainistíochta, cur chuige an phróisis agus feabhsú leanúnach.

**ISO 10002:** Treoirlínte don phróiseas láimhseála gearán a bhaineann le táirgí agus seirbhísí laistigh d’eagraíocht, lena n-áirítear pleanáil, dearadh, forbairt, oibriú, cothabháil agus feabhsú.

**OBI:** An Eagraíocht Maoine Tionscail Heilléanaí.

**Paitinn:** Teideal dlíthiúil a fhéadtar a dheonú d’aon aireagán teicniúil atá nua, tá ‘céim airgtheach’ i gceist leis, agus is féidir é a chur i bhfeidhm go tionsclaíoch.

**Píoráideacht:** Cóipeáil nó úsáid neamhúdaraithe oibre atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla.

**Sealbhóir cirt:** Duine a shealbhaíonn ceart maoine intleachtúla, duine atá ceadúnaithe an mhaoin intleachtúil a úsáid, nó ionadaí údaraithe cheachtar acu.

**Tairseach idirghabhála:** Tairseach a iarrann daoine a shealbhaíonn cearta chun gníomhaíochtaí forfheidhmithe custaim a theorannú do chainníochtaí earraí góchumtha os cionn leibhéal áirithe.

**Tásca geografacha:** Lipéad nach féidir a úsáid ach nuair a thagann táirge ó áit thionscnaimh shonrach, a bhfuil tréithe áirithe aige agus a chomhlíonann critéir cháilíochta shainithe.

**Trádmharc:** Comhartha nó siombail a úsáidtear chun idirdhealú a dhéanamh idir táirgí nó seirbhísí eintitis, agus a fhéadfar a chlárú chun críocha cosanta.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61056

# Freagraí ó EUIPO

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61056

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=61056

# Foireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta an CIE, leagtar amach torthaí a iniúchtaí ar bheartais agus ar chláir AE, nó ar ábhair a bhaineann le bainistíocht ó réimsí buiséadacha ar leith. Roghnaíonn agus dearann an CIE na cúraimí iniúchta seo chun an tionchar is mó a bhaint amach trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí d’fheidhmíocht nó do chomhlíonadh, leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais atá i gceist, forbairtí atá le teacht agus leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchta IV – Rialáil ar mhargaí agus ar gheilleagar iomaíoch – faoi cheannas an Chomhalta den Chúirt, Mihails Kozlovs, a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Ba í an Comhalta den Chúirt Ildikó Gáll-Pelcz a bhí i gceannas ar an iniúchadh, le tacaíocht ó Claudia Kinga Bara, Ceann na hOifige Príobháidí agus Zsolt Varga, Ataisé na hOifige Príobháidí; John Sweeney, Príomh-Bhainisteoir; Benny Fransen, Ceann Tasc; Dan Danielescu, Joaquin Hernandez Fernandez, Carlos Soler Ruiz agus Esther Torrente Heras, Iniúchóirí. Chuir Giuliana Lucchese tacaíocht ar fáil don dearadh grafach.


Ildikó Gáll-Pelcz


Claudia Kinga Bara


Zsolt Varga


John Sweeney


Benny Fransen


Dan Danielescu


Joaquin Hernandez Fernandez


Carlos Soler Ruiz


Esther Torrente Heras


Giuliana Lucchese

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2022

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar CIE atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Níor fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar CIE an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh CIE faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Ní mór cearta breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann CIE nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite sa soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Eisiatar bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, ó bheartas athúsáide CIE.

Tá naisc le fáil chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtithe ar shuíomhanna Gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt ar na fearainn sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid Lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-847-7653-5 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/25827 | QJ-AB-22-004-GA-N |
| HTML | ISBN 978-92-847-7629-0 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/825115 | QJ-AB-22-004-GA-Q |

San iniúchadh seo, rinneamar measúnú féachaint an bhfuil cearta maoine intleachtúla (CMI) i dtrádmharcanna an Aontais Eorpaigh (AE), dearaí AE agus tásca geografacha dea-chosanta laistigh den Mhargadh Aonair.

Go ginearálta, tá an chosaint stóinseach, in ainneoin roinnt easnamh reachtach agus d'uireasa modheolaíochta soiléire chun táillí an Aontais a chinneadh. Tá laigí i gcreat cuntasachta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), ina bainistíocht ar Thionscadail Chomhair Eorpacha, agus sa chaoi a bhfuil tásca geografacha agus rialuithe forfheidhmithe custaim á gcur chun feidhme ag an gCoimisiún agus ag údaráis na mBallstát.

Molaimid an méid seo a leanas don Choimisiún: creataí rialála a chomhlánú agus a nuashonrú; measúnú a dhéanamh ar na socruithe rialachais agus ar an modheolaíocht rialachais chun táillí a chinneadh; na córais do thásca geografacha a fheabhsú; agus an creat um fhorfheidhmiú a fheabhsú. Ba cheart d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh bainistíocht a Tionscadal Comhair Eorpach a fheabhsú freisin.

Tuarascáil Speisialta CIE de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, CFAE.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors